



AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ
NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

CLÁR AN ÁBHAIR

	LEATHANACH
FAISNÉIS	3
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS AN TUARASCÁIL Ó CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN	4 - 10
RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH	11 - 14
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	15 - 16
RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM CHOINNITHE	17
RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH	18
RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS	19
RÁITEAS AR NA SREAFÁÍ AIRGID	20
NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	21 - 38

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

FAISNÉIS

Comhaltaí an Choimisiúin:	Isolde Goggin – Cathaoirleach Patrick Kenny Fergal O’Leary Brian McHugh
Seoladh an Choimisiúin:	Teach Bloom Sráid an Bhóthair Iarainn Baile Átha Cliath 1
Cuntasóirí:	Crowleys DFK 16/17 Faiche an Choláiste Baile Átha Cliath 2
Iniúcháirí:	An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1
Suíomh Gréasáin:	www.ccpc.ie

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ RÁITEAS RIALACHAIS AGUS AN TUARASCÁIL Ó CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN

Rialachas

Bunaíodh Bord an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (dá ngairtear an Coimisiún) faoin Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014 (Acht 2014). Le hAcht 2014, díscaoileadh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta le héifeacht ón 30 Deireadh Fómhair 2014. Faoi théarmaí Chuid 2 den Acht, aistríodh foireann, sócmhainní, cearta agus oibleagáidí comhlachtaí leagáide chuig an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí de réir Acht 2014.

Leagtar amach feidhmeanna an Choimisiúin in alt 10 d'Acht 2014. Tá réimse leathan feidhmeanna ag an gCoimisiún a dhíorthaítear ón reachtaíocht lenar rialaíodh an dá ghníomhaireacht leagáide agus roinnt feidhmeanna nua faoi Acht 2014. Áirítear ar a fheidhmeanna:

- imscrúduithe a sheoladh maidir le cleachtais a dhéanann dochar do thomhaltóirí agus/nó don gheilleagar i gcoitinne agus dúshlán na gcleachtas sin a thabhairt.
- deireadh a chur le hiompar agus cleachtais atá frithiomaíoch agus a dhéanann dochar do thomhaltóirí, trí chaingne cúirte más gá.
- faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí chun cabhrú leo cinntí eolasacha a dhéanamh, lena n-áirítear ról sonracha a bhaineann le seirbhísí airgeadais.
- scrúdú a dhéanamh ar chumaisc agus fáiltais chun a chinntiú nach ndéantar iomaíocht i margaí a laghdú go suntasach.
- comhairle a thabhairt do dhéantóirí beartais i ndáil le cosaint tomhaltóirí agus nithe a bhaineann le hioamáíocht.
- comhlíonadh an chórais nua rialála san earnáil ghrósaeireachta a chur chun cinn, ar córas é atá dírithe ar chothromaíocht agus cothroime a chinntiú i gcaidrimh thráchtála.
- faireachán a dhéanamh ar mhargaí i ndáil le sábháilteacht táirgí a chumhdaítear le Treoracha AE.

Tá an Coimisiún cuntasach don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an tasc sin trí oibiachtaí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir leis na príomhshaincheistanna go léir. Is freagracht de chuid an Chathaoirligh, Comhaltaí an Choimisiúin agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí bainistíocht a dhéanamh ó lá go lá ar an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus é a rialú agus a threorú.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá obair agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach i nósanna imeachta doiciméadaithe ina bhfuil na nithe a fhorchoimeádtar go sonracha le haghaidh cinneadh ón gCoimisiún de réir mar a leagtar amach in Alt 10 (7) d'Acht 2014 i.e. feidhmeanna nach bhféadfaidh an Coimisiún iad a tharmligean. Áirítear ar na hítimí seasta a ndéanann an Coimisiún iad a bhreithniú:

- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais,
- cinntí foirmiúla ón gCoimisiún,
- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó rannáin, agus nithe forchoimeáda.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAlt 31 d'Acht 2014 na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire, Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ RÁITEAS RIALACHAIS AGUS AN TUARASCÁIL Ó CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN

Le linn dó na ráitis airgeadais seo a ullmhú, ceanglaítear ar an gCoimisiún:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,
- breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh murar cuí a thiomhdiú go leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm, agus
- a lua an ndearnadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a leanúint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Coimisiún freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád ina ndéantar a staid airgeadais a nochtadh, go réasúnach cruinn tráth ar bith, agus lena gcumasaítear dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 31 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014. Is freagracht de chuid an Choimisiúin é an fhaisnéis chorparáideach agus airgeadais a bheidh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí a chothabháil agus iontaofacht na faisnéise sin.

Tá an Coimisiún freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a cheadú. Pléitear feidhmíocht an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí go rialta ag cruinnithe den Choimisiún faoi threoir an phlean agus an bhuiséid bhliantúil.

Tá an Coimisiún freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhréireachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Coimisiún go dtugann ráitis airgeadais an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí léargas fíorchear ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí an 31 Nollaig 2019.

Struchtúr an Choimisiúin

Rialaíonn Coimisiún an Coimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, ar Coimisiún é ar a mbíonn suas le seisear comhaltaí, a ndéanann an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta iad a cheapadh ar feadh téarma nach faide na cúig bliana. Féadfar comhaltaí den Choimisiún a athcheapadh ar feadh tréimhse eile cúig bliana le cead an Aire. Ní fhéadfar comhaltaí den Choimisiún a cheapadh ar feadh níos mó ná dhá théarma. Tá an Cathaoirleach freagrach as riaradh agus rialachas corparáideach na heagraíochta. Cabhraíonn na Comhaltaí agus feidhmeannaigh sinsearacha eile leis an gCathaoirleach chun an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí a bhainistiú, a rialú agus a stiúradh. Foirmíonn an Cathaoirleach agus na Comhaltaí Coimisiún coláisteach chun cinntí a dhéanamh maidir leis na príomhchinntí reachtúla i dteannta freagrachtaí feidhmiúcháin lánaimseartha a bheith aige.

Bíonn dhá chruinniú sceidealta ag an gCoimisiún in aghaidh na míosa. Ina theannta sin, déantar cruinnithe Ad Hoc a sceidealú i gcás go mbeidh práinn le nithe a eascróidh, i gcás gur nithe arna bhforchoimeád don Choimisiún iad na nithe agus nach féidir iad a tharmligean agus/nó i gcás go mbeidh creataí ama reachtúla i gceist. Is samplaí díobh sin cumaisc Chéim 2, cumhachtaí forfheidhmiúcháin a úsáid nó comhoibriú ó ghníomhaireachtaí coigríche. Leagtar amach sa tábla thíos an tréimhse cheapacháin do na comhaltaí reatha:

Comhalta den Bhord	Ról	Dáta Ceaptha
Isolde Goggin	Cathaoirleach	1 ^ú Deireadh Fómhair 2016 (dáta athnuachana)
Patrick Kenny	Comhalta	9 ^ú Eanáir 2017 (dáta athnuachana)
Fergal O'Leary	Comhalta	18 ^ú Iúil 2016
Brian McHugh	Comhalta	1 ^ú Meán Fómhair 2017

Seoladh meastóireacht seachtrach ar fheidhmíocht an Choimisiúin de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS AN TUARASCÁIL Ó CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN

Bhunaigh an Coimisiún **Coiste um Iniúchóireacht agus Priacal**.

Tá Cathaoirleach agus triúr comhalta ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Priacal (ar comhaltaí seachtracha/neamhspleácha beirt díobh). Is é an ról atá ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Priacal ná tacú leis an gCoimisiún i ndáil lena fhreagrachtaí maidir le saincheistanna priacail, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Priacal neamhspleách ar bhainistiú airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste, go háirithe, go ndéantar faireachán go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha. Tuairiscíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Priacal don Choimisiún tar éis gach cruinniú, agus i scríbhinn go foirmiúil gach bliain.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Priacal: Conor Blackwell (Cathaoirleach seachtrach), Pat Kenny (inmheánach), Jimmy Murphy (seachtrach) agus Carmel Foley (seachtrach). Bhí 4 chruinniú den Choiste um Iniúchóireacht agus Priacal ann in 2019.

Sceideal Freastail, Táillí agus Caiteachais

Leagtar amach thíos sceideal den fhreastal ar chruinnithe den Choimisiún agus cruinnithe Coiste le haghaidh 2019 lena n-áirítear na táillí agus caiteachais a fuair gach comhalta:

An Coimisiún	Líon na gcruinnithe	Coiste Iniúchóireacht & Priacal	Tuarastail 2019 €	Táillí 2019 (arna n-íoc i riaráiste go bliantúil) €	Caiteachais i n dáil le freastal ar chruinnithe den Choimisiún 2019 €
Líon na gcruinnithe	46	4			
Isolde Goggin	42	-	167,162	-	-
Patrick Kenny	42	4	139,889	-	-
Fergal O'Leary	46	-	139,889	-	-
Brian McHugh	43	-	139,889	-	-
Conor Blackwell	-	4	-	1,414	-
Jimmy Murphy	-	4	-	1,414	-
Carmel Foley	-	4	-	-	-
Brian Whitney (ar scor i mí Ean. 2019)	-	0/0	-	-	-
			586,829	2,828	-

* Ní fhaigheann comhaltaí den Choimisiún táillí mar nach comhaltaí seachtracha den bhord (páirtaimseartha) iad ach fostaithe den Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta mar chomhaltaí lánaimseartha de Bhord Feidhmiúcháin an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí.

Athruithe ar Phríomhphearsanra

Scor Brian Whitney Uas. de bheith mar Chathaoirleach agus mar chomhalta den Choiste um Iniúchóireacht agus Priacal agus tháinig an comhalta láithreach Conor Blackwell Uas. ina ionad i mí Eanáir 2019. Thosaigh Carmel Foley Uas. ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Priacal i mí Eanáir 2019.

Ceapadh Ceannasaí Airgeadais nua i mí Dheireadh Fómhair 2019.

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS AN TUARASCÁIL Ó CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN

Nochtuithe a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Coimisiún freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear leis an gCód na nochtuithe seo a leanas:

Miondealú ar Shochair Ghearr-Théarma Fostaithe

Leagtar amach sochair ghearrthéarma fostaithe de bhreis ar €60,000 i Nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Costais Chomhairliúcháin

Áirítear sna costais chomhairliúcháin an costas a bhain le comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus eisítear feidhmeanna ‘gnó mar is gnáth’ arna n-eisfhoinsiú.

	2019	2018
	€	€
Comhairle Dí	76,863	109,053
Straitéis agus forbairt eagraíochtúil	-	7,780
Comhairle eacnamaíoch	164,437	32,340
Comhairliúchán	14,176	1,353
Eile	20,757	-
Costais iomlán chomhairliúcháin	276,233	150,526
Costais chomhairliúcháin chaipitlithe	-	-
Costais chomhairliúcháin arna muirearú ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	276,233	150,526
Iomlán	276,233	150,526

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS AN TUARASCÁIL Ó CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN

Costais agus Socraíochtaí Dlí

Tá miondealú sa tábla thíos ar mhéideanna arna n-aithint mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe i ndáil le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí comhréitigh agus eadrána a bhain le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear ar sin caiteachas arna thabhtú i ndáil le comhairle dlí ginearálta a fuair an Coimisiún agus a nochtadh sna costais Chomhairliúcháin thuas.

	2019	2018
	€	€
Táillí dlí - forfheidhmiú	100,343	71,669
Úsáid / laghdú ar sholáthar dlí *	-	(1,125,000)
Íocaíochtaí comhréitigh agus eadrána	-	-
Socraíochtaí	-	1,125,000
lomlán	100,343	71,669

* Féach nóta 11 a ghabhann leis na ráitis airgeadais le haghaidh tuilleadh sonraí.

Costais Taistil agus Cothaithe

Déantar costais taistil agus cothaithe a aicmiú de réir mar a leanas:

	2019	2018
	€	€
Baile		
- Coimisiún *	153	511
- Fostaithe	42,934	41,693
Idirnáisiúnta		
- Coimisiún *	14,718	10,530
- Fostaithe	69,188	61,653
lomlán	126,993	114,387

* áirítear taisteal agus cothú €3,865 a íocadh go díreach le Comhaltaí den Choimisiún in 2019 (2018: €5,499). Baineann an t-iarmhéid €11,006 (2018: €5,542) le caiteachas a íocadh i dtaca le taisteal a rinne Comhaltaí den Choimisiún. Tá miondealú ar chaiteachais i measc Comhaltaí den Choimisiún i Nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

**AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS AN TUARASCÁIL Ó CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN**

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais:


	2019	2018
	€	€
Fáilteachas foirne agus corparáideach	3,785	1,196
Fáilteachas Cliant	-	-
Iomlán	3,785	1,196

Ráiteas um Chomhlíonadh

Ghlac an Coimisiún an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Tá nósanna imeachta bunaithe ag an gCoimisiún chun a chinntiú go gcomhlíontar an Cód agus chomhlíon an Coimisiún an Cód sa bhliain 2019.

Déantar socrú leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go bhféadfaidh comhlachtaí Stáit comhaontú a lorg leis an Aire nó an mháthair-Roinn iomchuí maidir le forálacha a fhéadfar a fheidhmiú go comhréireach lena n-úsáid acu. Scríobh an Coimisiún chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ina leith sin agus fuarthas soiléiriú agus comhaontú maidir leis an méid seo a leanas:

- Forálacha i ndáil le ról an Bhoird, ról an Chathaoirligh agus ról chomhaltáí an Bhoird
Is struchtúr neamhghnách é struchtúr maoirseachta an Choimisiúin. Níl aon struchtúr ar an mBord. Glacann an Coimisiún ról comhchoiteann Boird air féin agus glacann an Cathaoirleach ról an oifigigh chuntasaíochta air nó uirthi féin. Dá bhrí sin, i dteannta a dhualgais mar “Bord” a chomhlíonadh, comhlíonann an Coimisiún feidhmeanna feidhmiúcháin freisin.



Isolde Goggin
Cathaoirleach

Dáta 9^ú Iúil 2020



Brian McHugh
Comhalta

Dáta 3^ú Iúil 2020

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

RAON FREAGRACHTA

Thar ceann an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, aithnímid freagracht an Choimisiúin chun a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Cuirtear i gcountas leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

CUSPÓIR AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Tá an córas Rialaithe Inmheánaigh deartha chun priacail a bhainistiú ionas go mbeidh siad ag leibhéal inghlactha seachas priacal a dhíchur. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhu go réasúnach, agus ní go hiomlán, go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéanfar aon earráidí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Bhí an córas Rialaithe Inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treorú arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

ACMHAINN CHUN DÉILEÁIL LE PRIACAL

Tá Cathaoirleach agus triúr comhalta ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Priacal (ar comhaltaí seachtracha/neamhspleácha iad beirt díobh). Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht agus Priacal le chéile 4 uaire in 2019.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ceartbhunaithe ag an gCoimisiún atá maoinithe go leordhóthanach agus lena seoltar clár oibre arna chomhaontú leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Priacal. Oibríonn an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí de réir an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (athbhreithnithe 2016). Tá faireachán agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht na gcóras Rialaithe Inmheánach bunaithe ar obair arna déanamh ag an iniúchóir inmheánach eisfhoinsithe agus an Coiste um Iniúchóireacht agus Priacal. Cuireadh na hathbhreithnithe seachtracha seo a leanas i gcrích in 2019:

- Athbhreithniú ar Éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha;
- Leanúnachas Gnó agus Athshlánú ó Thubaiste;
- Forfheidhmiú Iomaíochta & Inniúlacht agus Acmhainn maidir le Cumaisc;
- Athbhreithniú ar Shainfháil;
- Athbhreithniú leantach i leith moltaí arna dtabhairt in athbhreithnithe ar iniúchadh inmheánach in 2017 & 2018.

Tá beartas bainistithe priacail forbartha ag an gCoimisiún ina leagtar amach a fhonn priacail, na próisis bainistithe priacail atá i bhfeidhm agus ina sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne i ndáil le priacal. Eisíodh an beartas chuig an bhfoireann go léir chun aird na bainistíochta a tharraingt ar phriacail atá ag teacht chun cinn agus laig rialaithe. Déanann an Coimisiún athbhreithniú bliantúil ar an mbeartas seo agus, i gcás go ndéantar coigeartuithe a cheadú, tíolactar é do Choiste um Iniúchóireacht agus Priacal an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí lena athbhreithniú.

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

(AR LEAN)

CREAT PRIACAIL AGUS RIALAITHE

Tá córas bainistithe priacail curtha i ngníomh ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí lena ndéantar na príomhphriacail a aithint agus a thuairisciú chomh maith leis na gníomhaíochtaí bainistíochta arna ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na priacail sin agus, a mhéid is féidir, na priacail sin a mhaolú.

Tá clár priacail corparáideach i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhphriacail atá os comhair an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir suntasachta. Déanann an Coimisiún an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú go ráithiúil. Tugtar mionsonrú sa chláir priacail ar na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun priacail a mhaolú agus ar an bhfreagracht a shanntar do dhaoine sonracha den fhoireann chun rialuithe a oibriú.

Déantar an Clár Priacail Corparáideach is déanaí a sholáthar roimh gach cruinniú den Choiste um Iniúchóireacht agus Priacal mar aon le meamram ina sonraítear aon athruithe, lena n-áirítear an chúis le haon athruithe den sórt sin.

Tá na córais Rialaithe Inmheánacha bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bainistíochta rialta, córas tarmhigin agus cuntasáíochta, sraith nósanna imeachta airgeadais, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a leithlisiú agus seiceáil leanúnach bheacht ag an bhfeidhm airgeadais.

Daingnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe ann lena mbaineann na nithe seo a leanas:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, arna athbhreithniú agus arna cheadú ag comhaltaí an Choimisiúin;
- Déantar teorainneacha údarúcháin a shocrú chun cistí an Choimisiúin a eisíoc;
- Athbhreithniú rialta ag Comhaltaí an Choimisiúin ar fhaisnéis thréimhsiúil agus bhliantúil airgeadais (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta), ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne buiséad;
- Tá freagrachtaí bainistíochta atá sainmhínithe go soiléir ann, lena n-áirítear freagrachtaí airgeadais atá sannta i dteannta cuntasacht comhfhreagrach;
- Tá beartais agus nósanna imeachta ann le haghaidh gach próiseas riachtanach gnó, agus déantar iad a athbhreithniú go rialta;
- Faireachán agus tuairisciú ar phróisis rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear Ráiteas Dearbhaithe Bliantúil arna chomhlánú ag na Stiúrthóirí/Ceannasaithe Aonaid;
- Tá sásraí agus córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú;
- Tá nósanna imeachta foirmiúla ann chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus a cuid sócmhainní a chosaint, agus;
- Déantar íocaíocht tuarastal an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí a sheoladh tríd an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus tá an méid sin cumhdaithe faoin gComhaontú Bainistíochta um Sheirbhísí idir an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus máthair-roinn an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (DBEI).

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

(AR LEAN)

FAIREACHÁN AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl do na daoine atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht shinsearach agus don Choimisiún, más iomchuí, go tráthúil. Daingnímid go bhfuil na córais faireacháin seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá príomhphriacail agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis bunaithe chun faireachán a dhéanamh ar na rialuithe riachtanacha sin agus chun aon easnaimh a aithneofar a thuairisciú;
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal dá bhfuil freagracht maidir le bainistiú airgeadais sannta; agus
- Déanann an Coimisiún agus an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus tuarascálacha airgeadais lena léirítear an fheidhmíocht in aghaidh an bhuiséid agus réamhaisnéisí.

SAINFHÁIL

Daingnímid go raibh, le linn 2019, nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí chun comhlíonadh na rialacha reatha sainfhála a chomhlíonadh agus déantar aird a tharraingt ar nithe a eascraíonn maidir le rialuithe ar shainfháil faoi shaincheisteanna i ndáil le rialú inmheánach.

ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACTHACHT

Daingnímid go bhfuil nósanna imeachta ag an gCoimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta bainistithe agus rialaithe priacail. Treoraíonn obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste um Iniúcháireacht agus Priacal a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Choimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh, faireachán agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Daingnímid gur sheol an Coimisiún athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2019. Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste um Iniúcháireacht agus Priacal agus an Coimisiún ar an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach chun a chinntiú go dtaispeántar go cruinn ann an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Chuir an Coimisiún athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha in 2019 i gcrích agus shínigh sé é i mí Feabhra 2020.

Tá an Coimisiún sásta le réasún gur córas éifeachtach é an córas Rialaithe Inmheánaigh a bunaíodh agus a cuireadh i ngníomh sa Choimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí don bhliain airgeadais dar chríoch an 31^ú Nollaig 2019.

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

(AR LEAN)

SAINCHEISTEANNA I NDÁIL LE RIALÚ INMHEÁNACH

Sonraí i dtaobh laigí	Gníomhaíochtaí maolaithe
<p>Sainfháil</p> <p>Fuarthas amach le linn iniúchadh 2017:</p> <ul style="list-style-type: none">nach raibh aon chonradh sainfhála ann i leith caiteachas ar sheirbhísí fóin póca de mhéid €37,000 (tuairim). <p>Aithníodh saincheist ar leithligh le linn 2018 i ndáil le sainfháil:</p> <ul style="list-style-type: none">Baineann an tsaincheist seo le difríocht idir ré conartha ar an larraidh Tairisceana agus an Fógra Dáfa i gcoinne an chonartha deiridh maidir le seirbhísí ceannacháin meán. Luadh ré conartha dhá bhliain san larraidh Tairisceana agus an Fógra Dáfa mar aon le foráil le haghaidh fadú amháin ar feadh tréimhse 12 mhí. Mar gheall ar earráid chléireachais, áfach, bhí foráil le haghaidh dhá thréimhse fhadaithe 12 mhí sa chonradh. Níor éirigh leis an gcéad iarracht ar phróiseas foirmiúil sainfhála, ag baint úsáid as creat de chuid Oifig Soláthar an Rialtais, le haghaidh seirbhís ionaid, mar gheall ar shaincheisteanna a bhain le sceideal praghsála, rud a d'fhág go mb'éigean an dara tréimhse fhadaithe 12 mhí, dá raibh foráil ina leith sa chonradh, a úsáid.	<p>Bhí sainfháil fhoirmiúil seirbhísí fóin póca mar chuid de shainfháil TFC Ráithe 2 2019 agus tá conradh nua ann anois. €14,835 an luach a bhí le caiteachas neamhchomhlíontach ar na seirbhísí sin in 2019.</p> <p>Tá an dara hiarracht ar sheirbhís ionaid a shainfháil curtha i gcrích agus tá conradh nua ann ó Ráithe 2 2019. €38,101 an luach a bhí le caiteachas neamhchomhlíontach ar na seirbhísí sin in 2019.</p> <p>Tharla iniúchadh inmheánach ar shainfháil in 2019 agus luadh san iniúchadh go bhfuil na rialuithe, príacal agus rialachas atá ar marthain i ndáil le sainfháil iontaoifa go bunúsach agus gur féidir leo leibhéal sásúil dearbhaithe a sholáthar maidir le cuspóirí an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí a bhaint amach go héifeachtach agus go héifeachtúlach.</p>

Thar ceann an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí:



Dáta: 9^ú Iúil 2020

Isolde Goggin
Cathaoirleach



Dáta: 3^ú Iúil 2020

Brian McHugh
Comhalta



An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 23 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

- An ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar na sreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáiochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fórcheart ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí an 31 Nollaig 2019 agus ar a ioncam agus a chaiteachas do 2019 de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

An Bonn leis an tuairim

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Náisiúnta Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san fhoscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus tá mo chuid freagrachtaí eitiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus

nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an ráiteas rialachais agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisc a thabhairt ar an bhfaisnéis sin, agus ar nithe áirithe eile ar a dtuairiscim mar eisceacht, san fhoscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Andrew Harkness
Don Ard-Reachtair Cuntas
agus Ciste agus thar ceann an
Ard-Reachtair Cuntas agus
Ciste

10 Iúil 2020

Foscúirbhinn a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Choimisiúin

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus sa tuarascáil ó chomhaltaí an Choimisiúin, tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 31 den Acht um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014
- a chinntiú go dtabharfaidh na ráitis airgeadais léargas fórcheart de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh i dtaobh an bonn cuí bonn cuntasáiochta an ghnóthais leantaigh, agus
- cibé rialú inmheánach a chinntiú siad is gá chun a chumasú ráitis airgeadais a bheidh saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó earráid, a ullmhú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 31 den Acht um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus tuairiscíú ina leith sin do Thithe an Oireachtais.

Is í an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná dearbhú réasúnta a fháil i dtaobh an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomlán saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó earráid. Is ardeibhéal dearbhaithe atá i gceist le dearbhú réasúnach, ach ní rátháíocht atá i gceist leis go n-éireoidh le hiniúchadh, arna sheoladh de réir ISAanna, míráiteas ábhartha a bhrath i gcónaí más ann dó. D'fhéadfadh míráitis eascairt as calaos nó earráid agus meastar gur míráitis ábhartha iad, in aonar nó i gcomhiomlán, más rud é go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go ndéanfaí tionchar a imirt ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid den iniúchadh agus de réir na ISAanna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Le linn dom déanamh amhlaidh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na priacail i dtaobh míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaos nó earráid; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chomhlíonadh a fhreagraíonn do na priacail sin; agus faighim fianaise iniúchta is leordhóthanach agus is cuí chun bonn a chur le mo thuairim. Is mó an priacal atá ann nach mbraithearf míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos ná mar thoradh ar earráid, de bharr go bhféadfadh claonphárteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach is iomchuí maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta is cuí sna himthosca a dhearadh, seachas chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú i dtaobh an cuí na beartais chuntasaíochta arna n-úsáid agus i dtaobh an réasúnach na meastacháin chuntasaíochta agus na nochtuithe a bhaineann leo.
- Tugaim tuairim i dtaobh an cuí bonn cuntasáiochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a gheofar, i dtaobh an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar acmhainn an Choimisiúin um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tuairim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a

tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe lena mbaineann sna ráitis airgeadais nó, mura mbeidh na nochtuithe sin leordhóthanach, mo thuairim a mhodhnú. Bunaítear mo chonclúidí ar an bhfianaise iniúchta a bheidh faighte suas do dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh, áfach, teagmhais nó coinníollacha sa todhchaí a chur faoi deara go scoirfeadh an Coimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

- Déanaim measúnú ar leagan amach foriomlán, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe agus cibé acu an bhfreagraíonn na ráitis airgeadais do na hidirbhearta foluiteacha agus na teagmhais fholuiteacha i slí lena mbaintear léargas cothrom amach.

Déanaim teagmháil leis na daoine sin a bhfuil de chúram orthu rialachas a dhéanamh, i measc nithe eile, maidir le scóip agus tráth an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh sa rialú inmheánach a aithním le linn an iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a thiolactar leis na ráitis seo agus ní chuirim aon fhreagra dearbhaithe in iúl ina dtaobh.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna an fhaisnéis eile arna tiolacadh a léamh, agus le linn déanamh amhlaidh, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas eile a fuarthas amach le linn an iniúchta, nó ar dealraitheach a bheith míráite go hábhartha ar shlí eile. Más rud é, bunaithe ar an obair a bheidh déanta agam, go measaim go bhfuil an fhaisnéis eile sin míráite go hábhartha, ceanglaítear orm é sin a thuairiscíú.

Tuairiscíú maidir le nithe eile

Seoltar m'iniúchadh faoi threoir na gcúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím aon nithe ábhartha a bhaineann leis an gcaoi inar seoladh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú i gcúrsa an iniúchta i dtaobh rialtacht idirbheart airgeadais. Tuairiscím aon chás ina n-aithním nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch beartaithe nó nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaigh iad.

Tuairiscím freisin, mar eisceacht, más rud é gurb é mo thuairim,

- Nach bhfuairéas an fhaisnéis agus na mínithe go léir is gá don iniúchadh, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun a chumasú na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ
RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM
CHOINNITHE DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

	Nóta	2019	2018
IONCAM		€	€
Deontas ón Oireachtas	2	9,732,193	9,658,212
Ioncam ó Thobhach	3	2,568,251	2,199,706
Ioncam Eile		<u>14</u>	<u>14</u>
		12,300,458	11,857,932
Táillí Iarratais	4	949,178	1,332,370
Táillí Iarratais Aisíoctha/ís Inaisíoctha leis an DBEI		(949,178)	(1,332,370)
Aistriú ó/(chuig) Cuntas Caipitil	12	8,959	24,974
Glanchistiúchán Iarchurtha le haghaidh Pinsin	13	<u>1,200,000</u>	<u>1,115,000</u>
		13,509,417	12,997,906
CAITEACHAS			
Costais Foirne	5	8,252,342	7,696,105
Caiteachais Oibríochta	6	5,467,013	4,176,514
		<u>13,719,355</u>	<u>11,872,619</u>
(EASNAMH) / BARRACHAS DON BHLIAIN		(209,938)	1,125,287
Iarmhéid arna thabhairt ar aghaidh amhail an 1 Eanáir		615,353	(509,934)
Iarmhéid arna thabhairt ar aghaidh amhail an 31 Nollaig		<u><u>405,415</u></u>	<u><u>615,353</u></u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus Nótaí 1 - 20.

Thar ceann an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí:



Isolde Goggin
Cathaoirleach

Dáta: 9^ú Iúil 2020



Brian McHugh
Comhalta


Dáta: 3^ú Iúil 2020

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ
RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

		2019	2018
	Nótaí	€	€
(EASNAMH) / BARRACHAS DON BHLIAIN AIRGEADAIS		(209,938)	1,125,287
Taithí (caillteanais) ar oibleagáidí sochar scoir	13iii	(257,000)	(646,000)
Athruithe ar an mbonn tuisceana atá mar bhun le luach reatha oibleagáidí sochar scoir	13iii	(4,877,000)	595,000
Seirbhís roimhe sin (caillteanais)	13iii	(5,778,000)	-
(Caillteanais) achtúireacha iomlán sa bhliain		(10,912,000)	(51,000)
Coigeartú ar chistiúchán sochar scoir iarchurtha		10,912,000	51,000
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain		<u>(209,938)</u>	<u>1,125,287</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus Nótaí 1 - 20.

Thar ceann an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí:



Isolde Goggin
Cathaoirleach



Brian McHugh
Comhalta

Dáta: 9^ú Iúil 2020

Dáta: 3^ú Iúil 2020


AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ

**RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS
AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2019**

	Nóta	Amhail an 31 Nollaig 2019 €	Amhail an 31 Nollaig 2018 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Maoin, gléasra & trealamh	8	176,202	185,161
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Suimeanna infhála	9	511,809	249,344
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		<u>528,620</u>	<u>657,482</u>
		1,040,429	906,826
DLITEANAIS REATHA (MÉIDEANNA A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN)			
Suimeanna iníoctha	10	<u>(635,014)</u>	<u>(291,473)</u>
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA			
		405,415	615,353
GLANSÓCMHAINNÍ (ROIMH DHLITEANAIS FHADTÉARMACHA)			
		581,617	800,514
DLITEANAIS FHADTÉARMACHA (MÉIDEANNA A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN)			
Soláthar	11	-	-
SOCHAIR SCOIR			
Oibleagáidí sochar scoir	13iii	(35,775,000)	(23,663,000)
Sócmhainn chistiúcháin sochar scoir iarchurtha	13iv	35,775,000	23,663,000
GLANSÓCMHAINNÍ / (GLANDLITEANAIS) IOMLÁNA		<u><u>581,617</u></u>	<u><u>800,514</u></u>
AG FREAGAIRT DO			
Cuntas Caipitil	12	176,202	185,161
Cúlchistí ioncaim choinnithe		405,415	615,353
		<u>581,617</u>	<u>800,514</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus Nótaí 1 - 20.

Thar ceann an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí:



Isolde Goggin
Cathaoirleach
Dáta: 9^ú Iúil 2020



Brian McHugh
Comhalta
Dáta: 3^ú Iúil 2020

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

RÁITEAS AR NA SREAFÁÍ AIRGID DON BHLIAIN
DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

		Nóta	
		2019	2018
		€	€
Glansreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta			
Barrachas (caiteachas a sháraíonn ioncam) / ioncam a sháraíonn caiteachas		(209,938)	1,125,287
Ús bainc a fuarthas		(14)	(14)
Aistriú (ó)/chuig cuntas caipitil	12	(8,959)	(24,974)
Dímheas sócmhainní seasta	8	89,011	75,508
Caillteanas ar shócmhainní seasta a dhiúscairt	6	1,459	1,606
(Méadú) ar shuimeanna infhála	9	(262,465)	(45,692)
Méadú / (Laghdú) ar shuimeanna iníoctha	10/11	343,541	(1,127,532)
Glanmhéid airgid thirim (eis-sreabhadh) / insreabhadh ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta		(47,365)	4,189
Sreafaí airgid thirim ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíocht chun maoin, gléasra & trealamh a fháil	8	(81,511)	(52,139)
Glansreafaí airgid thirim ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(81,511)	(52,139)
Sreabhadh airgid thirim ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe			
Ús bainc a fuarthas		14	14
(Glanlaghdú)/Glanmhéadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		(128,862)	(47,936)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana		657,482	705,418
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana		528,620	657,482

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos an bunús leis an gcuntasáocht agus na beartais shuntasacha chuntasáochta arna nglacadh ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Cuireadh i bhfeidhm iad go seasta i gcaitheamh na bliana agus don bhliain roimhe sin.

A) GINEARÁLTA

Bhunaigh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí an 31 Deireadh Fómhair 2014, faoin Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014. Rinneadh foráil leis an Acht freisin chun an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta a dhíscaoileadh le héifeacht ón 30 Deireadh Fómhair 2014. Aistríodh foireann, sócmhainní, cearta agus oibleagáidí comhlachtaí leagáide chuig an gCoimisiún de réir an Achta. Is Eintiteas Sochair Phoiblí é an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí.

B) RÁITEAS UM CHOMHLÍONADH

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Choimisiúin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

C) BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas sócmhainní agus dlíteanais áirithe arna dtomhas ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasáochta thíos. Is san fhoirm a cheadaigh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le comhthoilíú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe atá na ráitis airgeadais. Cuireadh na beartais chuntasáochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta le linn déileáil le hítimí a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Choimisiúin.

Is i Euro, arb é airgeadra feidhmeach an Choimisiúin é, a ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais.

D) IONCAM

Deontas ón Oireachtas

Is ar bhonn fabhráithe a aithnítear ioncam i gcoitinne. Tá eisceacht ann i gcás Deontais ón Oireachtas a aithnítear ar bhonn fáltais airgid thirim. Soláthraíonn an DBEI cistiú le haghaidh na bhfeidhmeanna, Eolas an Phobail agus Oideachas Airgeadais, ar na gcoinníoll go ndéanfar na cistí sin a aisíoc leis an DBEI ar thobhach an Choimisiúin a fháil.

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

E) IONCAM TOBHAIGH

Tá an Coimisiún freagrach as faisnéis do thomhaltóirí agus feidhmeanna oideachais a bhaineann le seirbhísí airgeadais faoi alt 10(3)(j) d'Acht 2014.

Déantar feidhm seirbhísí airgeadais an Choimisiúin a chistiú trí thobhach ar eintitis rialáilte seirbhísí airgeadais (cistítear líon iomlán 21 den fhoireann leis). Cuirtear ioncam i gcuntas i leith an tobhaigh don tréimhse ina raibh na heintitis rialáilte seirbhísí airgeadais faoi réir a rialála ag an mBanc Ceannais.

Déantar foráil le hAlt 24D den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 (arna chur isteach leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010) go bhféadfaidh an Coimisiún socrú a dhéanamh le comhlacht forordaithe i ndáil leis na tobhaigh a bhailiú.

Mínítear na forálacha chun barrachas nó easnamh a tharlóidh i mbliain airgeadais a cheartú in Alt 24C den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 (arna chur isteach leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010), trína ndéantar an tobhach a laghdú nó a mhéadú le linn na bliana ina dhiaidh sin chun freagairt do chaiteachas an Choimisiúin i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faisnéise agus oideachais do thomhaltóirí dá dtagraítear thuas.

Déantar costais a bhaineann le gníomhaíochtaí arna gcistiú leis an tobhach, agus iad sin amháin, a thaifeadadh mar chaiteachas tobhaigh, agus déantar costais a bhaineann le gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Státchiste a thaifeadadh mar chaiteachas Státchiste. Déantar costais eile ar costais i ndáil le feidhmeanna de chuid an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí iad (costais a bhaineann le seirbhísí sa chuid is mó), a chionroinnt ar bhonn líon iomlán na foirne a shanntar d'fheidhmeanna arna gcistiú leis an tobhach agus feidhmeanna arna gcistiú ón Státchiste, faoi seach.

F) IONCAM Ó THÁILLÍ IARRATAIS

Déantar táillí arna bhfáil ag an gCoimisiún as ceadúnais idirghabhálaithe creidmheasa, ceadúnais geallbhróicéirí, fógraí íocaíochta seasta, a eisiúint, cumaisc agus costais arna ndámhachtain ag an cúirteanna a thaifeadadh mar ioncam de chuid an Choimisiúin agus déantar iad a aisíoc ansin leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

G) MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas bunaidh lúide dímheas carntha, arna choigeartú le haghaidh aon soláthar i leith lagaithe. Déantar soláthar le haghaidh dímheas gach maoin, gléasra agus trealamh de réir rátaí arna mheas chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainn a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré ionchais, de réir mar a leanas:

Crua-earraí Ríomhaire	20%
Bogearraí Ríomhaire	20%
Trealamh Oifige	20%
Troscán	10%

Is ionann luach iarmharach agus an méid a mheastar a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairthe a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn in aois agus i riocht a mbeadh súil leis ag deireadh a saolré. Má tá fianaise oibiachtúil ann i dtaobh luach sócmhainne, aithnítear cailíteanas lagaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain.

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

H) CUNTAS CAIPITIL

Déantar deontais ón Stát chun sócmhainní seasta a cheannach a aistriú chuig an gcuntas caipitil sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas agus déantar iad a chreidiúnú d'ioncam thar shaolré ionchais measta na sócmhainní lena mbaineann. Freagraíonn an cuntas caipitil don mhéid ioncaim gan amúchadh arna úsáid chun sócmhainní seasta a chistiú.

I) AIRGEADRAÍ COIGRÍCHE

Déantar idirbhearta arna n-ainmniú in airgeadraí coigríche a aistriú go euro de réir an ráta iomlaoide a bhíonn i bhfeidhm dátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dlíteanais airgeadaíochta a aistriú go euro de réir an ráta iomlaoide a bhíonn i bhfeidhm an dáta tuairiscithe nó ráta conartha réamhcheannacháin má bhíonn conarthaí den sórt sin ann.

J) FÁLTAIS

Aithnítear fáлтаis ag luach cóir lúide soláthar le haghaidh fiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é an soláthar le haghaidh fiacha amhrasacha agus bunaítear é nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Coimisiún in ann na méideanna go léir a bheidh dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar le haghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

K) SOLÁTHAIR

Aithnítear soláthair nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ar an gCoimisiún mar thoradh ar theagmhais roimhe sin; is dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní chun an oibleagáid a shocrú; agus is féidir méid na hoibleagáide a mheas go hiontaofa.

L) TEAGMHAIS

Ní aithnítear dlíteanais theagmhasacha a eascraíonn mar thoradh ar theagmhais roimhe sin nuair (i) nach dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa an dáta tuairiscithe nó (ii) nuair a dhaingneofar an mharthain trí tharlú nó neamhtharlú teagmhas neamhchinnte sa todhchaí nach mbeidh faoi rialú iomlán an Choimisiúin. Déantar dlíteanais theagmhasacha a nochtadh sna ráitis airgeadais mura rud é gur fánach an fhéidearthacht go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Déantar sócmhainní teagmhasacha a nochtadh sna ráitis airgeadais nuair is dócha go mbeidh insreabhadh sochar eacnamaíoch ann.

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

M) LÉAS OIBRÍOCHTA

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibríochta sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe thar shaolré léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin i gcás go mbíonn méaduithe cíosa ann atá nasctha leis an ráta measta boilscithe, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa thar shaolré an léasa.

N) SOCHAIR FOSTAITHE

Sochair Ghearr-Théarma

Aithnítear sochair ghearrthéarma amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus áirítear sochair a bheidh fabhráithe ag deireadh na bliana san fhiúir Iníochta sa Ráiteas ar Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Tá foireann an Choimisiúin comhdhéanta de na daoine arna bhfostú go díreach ag an gCoimisiún agus oifigigh ar iasacht agus ar shannachán ón státseirbhís, ón tseirbhís phoiblí agus ón mBanc Ceannais. Níl an Coimisiún faoi dhliteanas pinsin i leith foireann ar iasacht nó ar shannachán. Íocann an Coimisiún ranníocaíocht aoisliúntais leis an DBEI, agus leis an mBanc Ceannais le haghaidh foireann ar iasacht agus ar shannachán de réir ráta 25% nó 30% (ag brath ar an dáta ar tháinig sé nó sí isteach sa Státseirbhís/tSeirbhís Phoiblí), agus déantar na ranníocaíochtaí sin a mhuirearú ar chaiteachas.

Oibríonn an Coimisiún scéim sochar sainithe pinsin dá fhoireann, a chistítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear as airgead a bhíonn ar fáil dó, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an DBEI agus ranníocaíochtaí arna n-asbhaint as tuarastail foirne. Coimeádann an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ranníocaíochtaí sochar sainithe.

Tháinig an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 chun bheith ina dhlí an 28^ú Iúil 2012 agus tugadh isteach leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”) a tháinig i bhfeidhm le héifeacht ón 1^ú Eanáir 2013. Is comhaltaí den Scéim Aonair iad gach fostaí nua de chuid an Choimisiúin, a tháinig isteach sa tSeirbhís Poiblí an 1^ú Eanáir 2013 nó dá éis. Déantar ranníocaíochtaí leis an Scéim Aonair a aisíoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déantar dliteanas scéime pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáid as modh na n-aonad réamh-mheasta.

Taispeántar gnóthachain agus cailiteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe i dtuairimí achtúireacha agus as farasbairr agus easnaimh taithí sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is inghnóthaithe ón DBEI.

Tá dliteanas pinsin in ionannas le luach láithreach íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte go dtí seo ag an bhfoireann. Tá cistiú pinsin iarchurtha in ionannas leis an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtreimhsí todhchaí ón DBEI.

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

O) BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHRITICIÚLA CHUNTASAÍOCHTA

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, bíonn ar an mbainistíocht breithiúnais a thabhairt agus meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear i leith sócmhainní agus dliteanais amhail ar an dáta tuairiscithe agus na méideanna a thuairiscítear i leith ioncam agus caiteachais le linn na bliana. De bhrí, áfach, gur meastacháin iad, d'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ar mhéideanna arna n-aithint sna ráitis airgeadais ag na breithiúnais seo a leanas.

(a) Lagú ar mhaoin, gléasra agus trealamh

Déantar athbhreithniú maidir le lagú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta aon uair a léiríonn teagmhais nó athruithe ar imthosca go mb'fhéidir nach mbeidh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear cailteanas lagaithe de réir an mhéid ar mó suim ghlanluacha na sócmhainne ná a méid inghnóthaithe. Is é an méid inghnóthaithe an méid is airde de luach cóir sócmhainne lúide an costas a bhainfeadh lena díol agus a luach úsáide. Chun lagú a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle a bhfuil sreafaí airgid atá inaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid) ann ina leith. Déantar sócmhainní neamhairgeadais a lagaíodh a athbhreithniú maidir le féidearthacht an laige a chealú gach dáta tuairiscithe.

(b) Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar shaolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, agus go háirithe, saolré fhóinteach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus tá sé tagtha ar an gconclúid gur cuí na saolréanna sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

(c) Soláthar in aghaidh Fiach Amhrasach

Déanann an Coimisiún meastachán ar luach inghnóthaithe féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile. Baineann an Coimisiún úsáid as meastacháin bunaithe ar thaithí stairiúil chun leibhéal na bhfiach nach bhféadfar a bhailiú, a chinneadh. Áirítear ar na meastacháin sin rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe féichiúnaithe agus taithí stairiúil. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an leibhéal soláthair is gá.

(d) Soláthairtí

Déanann an Coimisiún soláthairtí in aghaidh oibleagáidí dlí agus inchiallaithe, arb eol dó iad a bheith gan fóc ar dháta deireadh na tréimhse. I gcoitinne, déantar na soláthairtí sin bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó faisnéis ábhartha eile, arna gcoigeartú de réir threochtaí le déanaí más iomchuí. Is meastacháin iad, áfach, ar chostais airgeadais a bhaineann le teagmhais nach dóigh a tharlóidh ar feadh roinnt blianta. Mar gheall ar sin agus an leibhéal neamhchinnteachta a bhaineann leis na torthaí críochnaitheacha, d'fhéadfadh an t-eischur iarbhír a bheith éagsúil go suntasach ón meastachán.

(e) Oibleagáid sochar scoir

Déantar na toimhdí atá mar bhun leis na luachálacha achtúireacha ar gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéal chúitimh sa todhchaí agus rátaí mortlaíochta) a nuashonrú gach bliain bunaithe ar choinníollacha eacnamaíocha reatha, agus aon athruithe iomchuí ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsean agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas difear a dhéanamh do na toimhdí:

- (i) An ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáide ardcháilíochta
- (ii) Leibhéal chúitimh sa todhchaí, coinníollacha sa mhargadh saothair sa todhchaí

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

2. DEONTAS ÓN OIREACHTAS

Is trí Vóta 32 den Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta a sholáthraítear an cistiú go léir

Vóta Ceannteideal	2019 €	2018 €
C.8 (i) – Pá	6,090,193	5,697,212
C.8 (i) – Neamhphá	3,870,000	4,169,000
C.8 (ii) – Pá	831,985	780,989
C.8 (ii) – Neamhphá	1,052,000	810,000
	<hr/> 11,844,178	<hr/> 11,457,201
C.8 (ii) Pá (Aisíochta)	(831,985)	(780,989)
C.8 (ii) Neamhphá (Aisíochta)	(1,052,000)	(810,000)
Ranníocaíochtaí pinsin fostaí arna gcoinneáil	<hr/> (228,000)	<hr/> (208,000)
	<hr/> 9,732,193	<hr/> 9,658,212

	2019 €	2018 €
3. TOBHACH		
Iarmhéid Tosaigh 01 Ean.	11,862	(28,429)
Sonraisc thobhaigh a eisíodh	2,568,251	2,199,706
Fáltais thobhaigh a bailíodh	(2,476,260)	(2,154,896)
Drochfhiach thobhaigh	(3,921)	(4,519)
Iarmhéid Deiridh 31 Nol.	<hr/> 99,932	<hr/> 11,862

Eisíodh sonraisc i leith €2,568,251 san iomlán, d'fhonn an dliteanas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 a chlúdach de réir mar a fhoráiltear in I.R. Uimh 509 de 2019 - Na Rialacháin um Tobhach fán Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 (An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí), 2019, i mí Dheireadh Fómhair. Tá méid €99,932 fós le bailiú ag deireadh na bliana.

Déantar sonraisc thobhaigh a dhíscríobh nuair a mheastar iad a bheith neamhinghnóthaithe. De ghnáth, tarlaíonn sé sin nuair a scoirfidh eagraíocht de bheith ag oibriú.

	2019 €	2018 €
4. TÁILLÍ IARRATAIS		
Táillí Cumaisc*	368,000	768,000
Idirghabhálaithe Creidmheasa agus táillí ceadúnais geallbhróicéara**	528,188	538,199
Fógraí maidir le hÍocaíochtaí Seasta**	8,700	4,500
Dámhachtainí cúirte	3,051	8,550
Ioncam eile (Leas Sóisialach etc.)	41,239	13,121
Táillí iarratais a aisíodh leis an Rn/GFN	(886,923)	(1,272,571)
Cúiteamh a íocadh le tomhaltóir	(3,051)	(8,000)
Dlite don DBEI	(59,204)	(51,799)
	<u>-</u>	<u>-</u>

*Ioncam cumaisc faoin Acht Iomaíochta, 2002, cuid 3 Alt B, arna leasú le hAlt 55 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014. Bíonn táille €8,000 i dteannta fógraí cumaisc chuig an gCoimisiún.

Fógraí cumaisc – 2019: 46 (2018: 96).

**Líon na gceadúnas a eisíodh: idirghabhálaithe creidmheasa – 861 (2018: 840), geallbhróicéirí – 3 (2018: 3). Fógraí maidir le hÍocaíochtaí Seasta – 29 (2018: 15). Líon na gcásanna inar dhámh na cúirteanna costais -2 (2018: 2).

Íoctar gach fáltas cumaisc, fáltas idirghabhálaí creidmheasa, fógraí íocaíochta seasta nó ioncam ilghnéitheach eile leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

**AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT
NÓTAÍ A GHÁBHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019**

	2019 €	2018 €
5. COSTAIS FOIRNE		
Tuarastail agus Pá	6,424,593	5,544,648
Tuarastail agus Pá – Foireann an Bhainc Ceannais*	176,087	209,496
Aoisliúntas – Scéim na Foirne	1,427,000	1,515,000
Aoisliúntas – Foireann Sannta agus ar Iasacht	75,023	300,182
Aoisliúntas – Foireann an Bhainc Cheannais ar Iasacht*	39,663	53,442
Oiliúint	109,976	73,337
foirne	<u>8,252,342</u>	<u>7,696,105</u>
Leibhéil Foirne Iarbhír – WTE (ag deireadh na bliana)	104	102

Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann comhaltaí de scéimeanna pinsean sochar sainithe seirbhíse poiblí ranníocaíocht aoisliúntais bhreise a eascraíonn ó Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018- 2020) agus an tAcht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Tháinig an ranníocaíocht aoisliúntais bhreise in ionad na hasbhainte pinsean-choibhneasa a tháinig chun deiridh ag deireadh 2018. Cé gur beart sealadach éigeandála a bhí san Asbhaint Pinsean-Choibhneasa, is ranníocaíocht bhuan í an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise i leith luach saothair inphinsin.

Déanann an DBEI an párolla a riaradh don Choimisiún (aistrithe go dtí an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla le linn 2017). Choinnigh an Roinn Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise de €227,742 arna n-asbhaint ag an Roinn ó fhoireann an Choimisiúin. Rinne an Roinn freisin, €114,638 de ranníocaíochtaí fostaí scéime aonair a tharchur chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i leith foireann de chuid an Choimisiúin.

Níor íocadh aon íocaíochtaí foirceanta sa bhliain. Tá méideanna €1,537 a bhain le ragobair ar áireamh sna tuarastail agus pá.

* Amhail an 31 Nollaig 2019, bhí comhalta foirne amháin ón mBanc Ceannais ar iasacht ag an gCoimisiún chun cabhrú le feidhmeanna airgeadais pearsanta an Choimisiúin a chur i gcrích. Tá an comhalta foirne atá ar iasacht mar fhostaí den chuid an Bhainc Ceannais i gcónaí agus íocann an Banc an tuarastal. Tá an Coimisiún freagrach as na costais pá, lena n-áirítear ranníocaíochtaí aoisliúntais, de chuid an chomhalta foirne den Bhanc Ceannais seo atá ar iasacht, a aisíoc leis an mBanc Ceannais. Déantar an aisíocaíocht sin tar éis an tobhach a bhailiú ón tionscail seirbhísí airgeadais gach bliain.

A) LUACH SAOTHAIR AN CHATHAOIRLIGH

Ceapadh an Cathaoirleach an 31 Deireadh Fómhair 2014 (tar éis di a bheith ina Cathaoirleach ar an Údarás Iomaíochta go dtí sin). Athcheapadh an Cathaoirleach an 1^ú Deireadh Fómhair 2016 ar feadh téarma cúig bliana dar críoch an 30^ú Meán Fómhair 2021. Fuair an Cathaoirleach íocaíochtaí tuarastail €167,162 (2018: €161,270) agus tabhaíodh costais taistil go feadh €8,470 (2018: €6,860) in 2019.

Is comhalta de scéim seirbhíse poiblí neamhchistithe sochar sainithe an Cathaoirleach agus ní théann a cuid teidlíochtaí pinsin thar theidlíochtaí chaighdeánacha sa scéim aoisliúntais sochar sainithe iomchuí de chuid na seirbhíse poiblí.

Ní bhfuair an Cathaoirleach aon íocaíochtaí a bhain le feidhmíocht ná aon sochar comhchineáil eile le linn na bliana.

**AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT
NÓTAÍ A GHÁBHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019**

B) MIONDEALÚ AR SHOCHAIR FOIRNE
Réimse shochair iomlán na foirne (ó €60,000 suas)

Ó	Go dtí	2019	2018
€60,000	- €69,999	6	9
€70,000	- €79,999	9	10
€80,000	- €89,999	11	7
€90,000	- €99,999	3	4
€100,000	- €109,999	3	1
€110,000	- €119,999	-	-
€120,000	- €129,999	-	-
€130,000	- €139,999	3	3
€140,000	- €149,999	-	-
€150,000	- €159,999	-	-
€160,000	- €169,999	1	1
		36	35

Nóta: Chun críocha an nochtaithe seo, áirítear tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile thar ceann an fhostaí sna sochair gearrthearma fostaí i ndáil le seirbhísí a tugadh, ach ní áirítear ÁSPC fostóra.

**C) CAITEACHAIS TAISTIL AGUS COTHAITHE
COMHALTAÍ**

	2019	2018
Comhalta	€	€
Isolde Goggin	8,470	6,860
Patrick Kenny	4,470	693
Fergal O'Leary	336	623
Brian McHugh	1,595	2,865
	14,871	11,041

Tá luach saothair na bpríomhphearsanra bainistíochta nochtaithe i nóta 17 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

**AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT
NÓTAÍ A GHÁBHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019**

6. CAITEACHAIS OIBRÍOCHTA

	2019			2018
	Neamhth obhach €	Tobhach €	Iomlán €	Iomlán €
Post & Teileachumarsáid	48,930	12,580	61,510	78,791
Trealamh & Seirbhísí TF	333,313	175,408	508,721	408,100
Priontáil & Stáiseanóireacht	20,603	4,445	25,048	17,386
Taisteal & Cothú - Náisiúnta	41,057	2,030	43,087	42,204
Taisteal & Cothú – Idirnáisiúnta	80,413	3,493	83,906	72,183
Áitreabh Oifige & Cothabháil Ghinearálta	598,600	149,515	748,115	691,086
An Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí*	207,096	-	207,096	213,052
Caiteachais Theagmhásacha	46,192	7,410	53,602	65,198
Caiteachas a bhaineann le AD	10,086	1,034	11,120	-
Táillí Dlí	175,082	2,124	177,206	180,722
Socraíochtaí Dlí	-	-	-	1,125,000
Laghdú ar sholáthar dlí	-	-	-	(1,125,000)
Costais chomhairleoireachta eile	440,414	4,608	445,022	79,909
Iníúchadh inmheánach	23,321	5,830	29,151	22,422
Riaradh airgeadais	135,969	37,092	173,061	171,855
Táille iniúchóireachta	19,600	4,900	24,500	23,000
Margaíocht, Cur chun cinn & Gníomhaíochtaí Eolais	933,785	1,014,412	1,948,197	1,373,522
Tomhaltóirí**				
Earcaíocht	278,497	-	278,497	107,814
Dímheas	89,011	-	89,011	75,508
Ionad Glaonna	398,610	99,653	498,263	497,093
Árachas	41,534	10,527	52,061	51,227
Muirir bainc	912	175	1,087	1,098
Cailteanas ar shócmhainní seasta a dhiúscairt	1,459	-	1,459	1,606
Liúntas i leith fiacha amhrasacha	-	6,584	6,584	2,847
Íocaíocht Phras Ús & Cúiteamh (gnóthachan)/Cailteanas lomlaoide	516	193	709	-
	-	-	-	(109)
	<u>3,925,000</u>	<u>1,542,013</u>	<u>5,467,013</u>	<u>4,176,514</u>

*Is cuid de ghréasán Eorpach é an Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí na hÉireann a sholáthraíonn comhairle, faisnéis agus tacaíocht maidir le cearta tomhaltóirí nuair a cheannaítear earraí agus seirbhísí i dtír Eorpach eile. Déanann an Coimisiún comhchistiú ar oibríocht Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí na hÉireann leis an gCoimisiún Eorpach.

** Le linn dó a fheidhmeanna faoin Acht a chomhlíonadh chun leasanna tomhaltóirí a chur chun cinn agus a chosaint, ceanglaítear ar an gCoimisiún feachtais eolais phoiblí agus faisnéise a dhéanamh agus gabháil do thaighde agus anailís chun oideachas a chur ar fáil do thomhaltóirí agus comhairle a sholáthar dóibh i ndáil le cosaint tomhaltóirí. Is mar a leanas a chionroinntear an caiteachas sin:

	2019			2018
	Neamhth obhach €	Tobhach €	Iomlán €	Iomlán €
Fógraíocht	48,223	364	48,587	97,909
Taighde	132,173	127,967	260,140	131,760
Caidreamh Poiblí	93,999	40,145	134,144	134,153
Ceannach Meán agus Seirbhísí Dáilte	650,906	506,695	1,157,601	762,901
Oideachas Airgeadais	-	337,587	337,587	241,842
Eile	8,484	1,654	10,138	4,957
	<u>933,785</u>	<u>1,014,412</u>	<u>1,948,197</u>	<u>1,373,522</u>

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019**

7. FEIDHMEANNA A BHAINNEANN LE TOBHACH

Tá an t-ioncam agus na caiteachais seo a leanas ar áireamh i Nóta 3, 5 agus 6 le haghaidh na bhfeidhmeanna a bhaineann le tobhach.

	2019	2018
	€	€
Ioncam		
Ioncam ó Thobhach	2,568,251	2,199,706
Ioncam eile	<u>14</u>	<u>14</u>
	2,568,265	2,199,720
Caiteachas		
<u>Pá</u>		
Tuarastail agus Pá	1,007,312	992,100
Pinsean	39,664	53,442
Oiliúint foirne	<u>16,611</u>	<u>15,874</u>
	1,063,587	1,061,416
<u>Neamhphá</u>		
Post & Teileachumarsáid	12,580	15,801
Trealamh & Seirbhísí TF	175,408	120,782
Priontáil & Stáiseanáireacht	4,445	3,498
Taisteal & Cothú	5,523	2,185
Áitreabh Oifige & Cothabháil Ghinearálta	149,515	138,674
Caiteachais Theagmhasacha	7,410	11,973
Caiteachas a bhaineann le AD	1,034	-
Táillí dlí	2,124	2,933
Iniúchadh inmheánach agus Cuntasaíocht	42,922	43,746
Táille iniúcháireachta	4,900	4,600
Margaíocht, Cur chun cinn & Gníomhaíochtaí Eolais Tomhaltóirí	1,014,412	798,061
Comhairleoireacht eile	4,608	4,995
Earcaíocht	-	11,085
Dímheas	-	10,457
Caillteanas ar shócmhainní seasta a dhiúscairt	-	-
Ionad Glaonna	99,653	99,497
Árachas	10,527	10,245
Muirir Bainc	175	167
Gluaiseacht i soláthar le haghaidh drochfhiach	6,584	2,847
Íocaíocht phras Ús & Cúiteamh	193	-
Caillteanas/Gnóthachan lomlaoid	-	6
	<hr/>	<hr/>
	1,542,013	1,281,552
Caiteachas lomlán	<u>2,605,600</u>	<u>2,342,968</u>
(Easnamh) don bhliain	<u>(37,335)</u>	<u>(143,248)</u>
Barrachas an 1 Eanáir	99,111	242,359
Barrachas an 31 Nollaig	<u>61,776</u>	<u>99,111</u>

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT
TOMHALTÓIRÍ

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

8. **MAOIN, GLÉASRA &
TREALAMH**

	Crua-Earraí Ríomhaire	Bogearraí Ríomhaire	Troscán	Trealamh Oifige	Iomlán
	€	€	€	€	€
<u>Costas</u>					
An 1 Eanáir 2019	215,638	364,393	9,553	111,808	701,392
Breiseanna	46,247	-	35,020	244	81,511
Diúscairtí	(14,621)	(82,145)	-	-	(96,766)
An 31 Nollaig 2019	247,264	282,248	44,573	112,052	686,137
<u>Dímheas</u>					
An 1 Eanáir 2019	152,522	311,398	4,427	47,884	516,231
Muirear don bhliain	37,230	22,780	7,646	21,355	89,011
Diúscairtí	(13,162)	(82,145)	-	-	(95,307)
An 31 Nollaig 2019	176,590	252,033	12,073	69,239	509,935
<u>Glanluach de réir na Leabhar</u>					
An 31 Nollaig 2019	70,674	30,215	32,500	42,813	176,202
An 31 Nollaig 2018	63,116	52,995	5,126	63,924	185,161

**AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT
TOMHALTÓIRÍ**

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019**

9. FÁLTAIS	Amhail an 31 Nollaig 2019	Amhail an 31 Nollaig 2018
	€	€
Tobhach	99,932	11,862
Lúide: Soláthar le haghaidh	(6,063)	(3,400)
fiacha amhrasacha	350,836	192,429
Réamhíocaíochtaí	<u>67,104</u>	<u>48,453</u>
Féichiúnaithe eile	<u>511,809</u>	<u>249,344</u>

Neasaíonn luachanna córa féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí a méideanna glanluacha. Tá gach fiach dlite laistigh d'aon bhliain amháin. Taispeántar féichiúnaithe glan ó lagú i leith fiacha amhrasacha.

10. SUIMEANNA INÍOCTHA	Amhail an 31 Nollaig 2019	Amhail an 31 31 Nollaig 2018
	€	€
Creidiúnaithe	85,184	1,270
Fabhruithe	198,588	202,111
Aisíoc deontas	215,748	-
Cáin shiarchoinneálach maidir le Seirbhísí Gairmiúla	56,965	29,868
Cáin bhreisluacha	19,325	6,425
Dlíte don DBEI – Táillí iarratais	<u>59,204</u>	<u>51,799</u>
	<u>635,014</u>	<u>291,473</u>

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir théarmaí na reachtaíochta iomchuí. Fabhraíonn ús ar íocaíocht dhéanach. Ní raibh aon ús dlite ar dháta deiridh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí foluiteacha. Maidir leis na méideanna eile atá ar áireamh laistigh de chreidiúnaithe nach bhfuil cumhdaithe le nochtuithe faoi nóta sonrath, is méideanna iad atá neamhurráithe, gan ús agus inaisíoctha ar éileamh.

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

	Amhail an 31 Nollaig 2019 €	Amhail an 31 Nollaig 2018 €
11. SOLÁTHAR LE HAGHAIDH COSTAIS DLÍ		
Amhail an 1 Eanáir	-	1,125,000
Laghdú sa bhliain	-	-
Úsáidte sa bhliain	-	<u>(1,125,000)</u>
Amhail an 31 Nollaig	<u>-</u>	<u>-</u>

Go luath in 2016, bhí an Coimisiún páirteach in achomharc chuig an gCúirt Uachtarach i gcoinne cinnidh ón Ard-Chúirt in 2009 lenar ordaíodh don iarÚdarás Iomaíochta (an Coimisiún Anois) céatadán de chostais fhómhastá an pháirtí eile a íoc. Baineadh amach socraíocht sa chás roimh an éisteacht sa Chúirt Uachtarach in Aibreán 2016, a raibh laghdú sa chéatadán de na costais a bhí iníoctha ag an gCoimisiún mar thoradh uirthi.

Bhí an Coimisiún páirteach freisin i gcaingean san Ard-Chúirt a éisteadh in Aibreán 2016. D'ordaigh an Ard-Chúirt don Choimisiún costais an ghearánaí a íoc. Rinne an Coimisiún achomharc chuig an gCúirt Uachtarach i gcoinne cinneadh na hArd-Chúirte ach níor éirigh leis an achomharc.

Tá an dá chás socraithe agus íocadh na costais le linn 2018.

12. AN CUNTAS CAIPITIL

	Amhail Nollaig 2019 €	Amhail Nollaig 2018 €
Iarmhéid tosaigh	185,161	210,136
Aistriú chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas		
Deontais arna n-úsáid chun sócmhainní seasta a fháil	81,511	52,139
Amúchadh de réir dímheas sócmhainní	(89,011)	(75,508)
Diúscairt sócmhainní seasta	<u>(1,459)</u>	<u>(1,606)</u>
Aistriú ón/(chuig an) Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas	(8,959)	(24,975)
Iarmhéid deiridh ag deireadh na bliana an 31 Nollaig	<u>176,202</u>	<u>185,161</u>

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

13. COSTAIS I LEITH SOCHAR SCOIR

i. Foireann an Choimisiúin

In 2014, cheadaigh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim aoisliúntais le haghaidh foireann an Choimisiúin faoi fhorálacha alt 29 den Acht um Iomaíochta agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014.

Is comhaltaí iad iontrálaithe nua foirne, arna bhfostú ag an gCoimisiún tar éis an 1 Eanáir 2013, den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar asbhaintí as tuarastail foirne a aistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiríú ar bhonn míosúil de réir an Achta.

ii. Anailís ar chostas iomlán sochar scoir arna muirearú ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

	31 Nollaig 2019	31 Nollaig 2018
	€	€
Costas seirbhíse reatha	1,103,000	1,208,000
Ús ar dhliteanais na scéime sochar scoir	552,000	515,000
Lúide ranníocaíochtaí Fostaithe	<u>(228,000)</u>	<u>(208,000)</u>
	1,427,000	1,515,000

iii. Gluaiseacht na n-oibleagáidí i leith glansochar scoir le linn na bliana airgeadais

	31 Nollaig 2019	31 Nollaig 2018
	€	€
Glanoibleagáidí sochar scoir an 1 Eanáir	(23,663,000)	(22,497,000)
Costas seirbhíse reatha	(1,103,000)	(1,208,000)
Costais úis	(552,000)	(515,000)
Sochair arna n-íoc sa tréimhse	455,000	608,000
Taithí (caillteanas) ar dhliteanais	(257,000)	(646,000)
Seirbhís roimhe sin (caillteanas) *	(5,778,000)	-
Athruithe ar thiomhdí achtúireacha	<u>(4,877,000)</u>	<u>595,000</u>
Glanoibleagáidí sochar scoir an 31 Nollaig	<u>(35,775,000)</u>	<u>(23,663,000)</u>

*Tar éis soiléiriú a fháil ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta in 2020, cuireadh dliteanais pinsean iarChomhaltaí den Choimisiún i gcuntas i ráitis airgeadais 2019.

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

iv. Sócmhainn chistiúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Aithníonn an Coimisiún méideanna atá dlite ón Stát i leith an dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh sochair scoir bunaithe ar an sraith toimhdí a thuairiscítear thuas agus roinnt teagmhais roimhe sin. Ar na teagmhais sin, áirítear an bonn reachtúil le bunú na scéime sochar scoir, agus an beartas agus cleachtas atá ann faoi láthair i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus próiseas bliantúil na meastachán. Níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an beartas cistiúcháin sin de na suimeanna a íoc de réir an chleachtais reatha.

Is de réir mar a leanas atá an glanchistiúchán iarchurtha le haghaidh sochar scoir arna n-aithint sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe:

	31 Nollaig 2019	31 Nollaig 2018
	€	€
<u>Cistiú is inghnóthaithe i leith scor sa bhliain reatha</u>		
Costais sochair	1,655,000	1,723,000
Sochair a íocadh sa bhliain	(455,000)	(608,000)
	<u>1,200,000</u>	<u>1,115,000</u>

€35,775,000 a bhí sa sócmhainn chistiúcháin iarchurtha le haghaidh sochar scoir amhail an 31 Nollaig 2019.

v. Stair na n-oibleagáidí sochar sainithe

	2019	2018	2017	2016	2015
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Oibleagáidí sochar sainithe	35,775	23,663	22,497	19,929	15,875
Caillteanais/(gnóthachain) taithe ar dhliteanais scéime sochair	257	646	1,312	157	(23)
Ranníocaíochtaí Fostaithe	0.7%	0.9%	0.8%	0.8%	(0.1%)

vi. Tuairisc ar an scéim

Scéim an Choimisiúin

Is socrú pinsin tuarastal deiridh sochar sainithe an scéim pinsin ina mínítear sochair agus ranníocaíochtaí faoi threoir rialachán “mhodúl” reatha na scéime seirbhíse poiblí. Soláthraítear pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céile agus leanaí. An dáta a shlánóidh an comhalta 65 bliana d’aois an Gnáth-Aois Scoir, agus tá teidlíocht ag comhaltaí a bhí sa scéim roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach tar éis aois 60. De ghnáth, méadaíonn pinsin ó thaobh íocaíochta (agus iarchur) de réir boilsciú tuarastail na hearnála poiblí i gcoitinne.

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

An Scéim Aonair

Is é an Scéim Aonair an scéim pinsean ceirde do sheirbhísigh poiblí arna bhfostú ó 2013 i leith. Is scéim sochar sainithe é, le sochair scoir bunaithe ar mheánphá. Leis an scéim, gintear creidmheasanna pinsin agus creidmheasanna cnapshuime scoir do gach comhalta den scéim. Fabhraíonn na creidmheasanna airgid sin, ar a dtugtar “méideanna is inchurtha”, mar chéatadáin den phá ar bhonn leanúnach. Déantar na méideanna is inchurtha a fhabhraíonn a athluacháil gach bliain go dtí go rachfar ar scor de réir méaduithe boilscithe (An Treoir-Phraghas do Thomhaltóirí). Is é an pinsean bliantúil a dhámhtar ar dhul ar scor comhiomlán na méideanna is inchurtha i leith pinsin de chuid an chomhalta den scéim, agus, mar an gcéanna, is é an cnapshuim scoir a dhámhtar iomlán na méideanna is inchurtha i leith cnapshuime de chuid an chomhalta den scéim.

Luacháil

Tá an luacháil a úsáidtear le haghaidh nochtaí FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireachta arna déanamh ag achtúire neamhspleách láncháilithe agus ceanglais FRS á gcur i gcuntas d’fhonn dliteanais na scéime an 31 Nollaig 2019 a mheas.

Is iad seo a leanas na príomhbhoinn achtúireachta a úsáideadh chun comhpháirteanna an chostais sochar shainithe a ríomh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019:

	31 Nollaig 2019	31 Nollaig 2018
Ráta Lascaine	1.40%	2.25%
Ráta Boilscithe	1.50%	1.75%
Méaduithe Tuarastail	3.50%	3.75%
Méaduithe Pinsean	3.00%	3.25%

Ceadaítear leis an mbonn mortlaíochta arna ghlacadh feabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht aimsire, d’fhonn go mbeidh an t-ionchas saoil ag brath ar an mbliain ina mbainfidh comhalta aois scoir amach

(aois 65). Tá an líon comhaltaí sa scéim agus an líon básanna ró-bheag chun anailís a dhéanamh agus aon mheastacháin fhóinteacha a bheadh sonrath maidir leis an Scéim a thíolacadh i ndáil le leibhéil mortlaíochta sa todhchaí. Is iad seo a leanas an meánionchas saoil de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáidtear chun na dliteanais phinsin a chinneadh:

	31 Nollaig 2019 Blianta	31 Nollaig 2018 Blianta
Fear in aois 65	21.7	21.5
Bean in aois 65	24.0	24.0

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

14. ÍOCAÍOCHTAÍ DÉANACHA IN IDIRBHEARTA TRÁCHTÁLA

Tá an Coimisiún freagrach go foriomlán as comhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012, a tháinig i bhfeidhm an 16 Marta 2013, ag an eagraíocht, Tá an fhreagracht sin tarmlichte don bhainistíocht ag an gCoimisiún.

Corpraítear sa chóras rialaithe inmheánaigh cibé rialuithe agus nósanna imeachta a mheastar is gá chun comhlíonadh an Achta a chinntiú. Ar áireamh i gcóras rialaithe inmheánaigh na heagraíochta tá rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaire atá deartha chun sainaitheint sonrasc agus conarthaí íocaíochta laistigh de na dátaí íocaíochta forordaithe mar a mhínítear san Acht a chinntiú. Tá na rialuithe sin deartha chun dearbhú réasúnach, ach ní go hiomlán, a thabhairt maidir le neamhchomhlíonadh an Achta. Tá an Coimisiún deimhin de gur chomhlíon sé forálacha an Achta maidir le gach gné ábhartha. Íocadh €709 d'ús íocaíochta sa bhliain.

15. GEALLTANAIS CHAIPITIL

Ní raibh aon ghealltanais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2019.

16. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ann amhail an 31^ú Nollaig 2019.

17. FAISNÉIS A NOCHTADH MAIDIR LE PÁIRTITHE GAOLMHARA

Ghlac an Coimisiún nósanna imeachta de réir na dtreoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú i ndáil le nochtadh leasanna ag Comhaltaí den Choimisiún agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain. Ní raibh aon idirbheart ann sa tréimhse i ndáil le gníomhaíochtaí an Choimisiúin ina raibh aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí an Choimisiúin. Tá an Coimisiún aitheanta anois mar chomhlacht poiblí faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 agus de réir Ionstraim Reachtúil Uimh 607 de 2008, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2009. Tá oibleagáid ar Chomhaltaí den Choimisiún dearbhuithe leasa a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí i leith na tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2018.

Is iad na príomhphearsanra bainistíochta an Cathaoirleach agus Comhaltaí an Choimisiúin (suas le 6 ar a mhéid). €586,829 (2018: €566,438) an luach saothair iomlán a íocadh leis na príomhphearsanra bainistíochta in 2019. Bíonn líon éagsúil Comhaltaí ar an gCoimisiún ó am go ham. 4 an líon Comhaltaí a bhí ar an gCoimisiún ar feadh 2019.

Is comhaltaí de scéim neamhchistithe sochar sainithe de chuid na seirbhíse poiblí iad na príomhphearsanra bainistíochta agus ní rachaidh a gcuid teidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime pinsean seirbhíse poiblí iomchuí.

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

18. GEALLTANAIS LÉASA

Níl talamh ná foirgnimh ar úinéireacht ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint do Thomhaltóirí. Tá gealltanais tugtha ag an gCoimisiún i leith léas ar chóiríocht oifige ag Teach Bloom, Sráid an Bhóthair Iarainn, Baile Átha Cliath 1. Tá an léas sin arna shealbhú ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar feadh tréimhse 20 bliain a thosaigh in 2015.

Sa tábla thíos, leagann an Coimisiún amach a ghealltanais measta i leith íocaíochtaí bliantúla le hOifig na nOibreacha Poiblí thar thréimhse an léasa idir Oifig na nOibreacha Poiblí agus an tiarna talún:

	2019	2018
	€	€
Iníochta laistigh de bhliain amháin	663,632	663,632
Iníochta laistigh de dhá bhliain go cúig bliana	2,654,528	2,654,528
Iníochta tar éis cúig bliana	7,134,044	7,797,676
	10,452,204	11,115,836

Aithníodh mar chaiteachas €649,563 (2018: €602,811) d'íocaíochtaí léasa oibríochta.

19. TEAGMHAIS TAR ÉIS NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Níl aon teagmhais idir an dáta tuairiscithe agus dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais seo lena n-eisiúint ar gá na ráitis airgeadais a choigeartú ina leith.

Aithníonn an Coimisiún gur teagmhas suntasach é paindéim Covid-19 a tharla tar éis an dáta tuairiscithe. Tá an Coimisiún ag féachaint go géar ar an dteagmhas agus ag déanamh faireachán leanúnach air, i gcomhréir leis an mbainistíocht. Tá an gnó ag leanúint de bheith ag oibriú agus tá bearta bunaithe chun foireann agus páirtithe leasmhara an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint do Thomhaltóirí a chosaint. Tá an fhoireann ag obair go cianda agus tá seirbhísí á soláthar i gcónaí. Go dtí seo, tá na hoibríochtaí agus formhór de ghníomhaíochtaí an eintitis á gcothabháil fad a dhéantar dul i dtairí ar an mbealach éagsúil ina bhfuil an gnó á sheoladh. Cé nach féidir leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint do Thomhaltóirí a thuar go cruinn cén tionchar a bheidh ag Covid-19 ar a shreafaí airgid, tá faireachán gear á dhéanamh ar fheidhmíocht agus oibriú an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint do Thomhaltóirí agus déantar réamhaisnéisí faoi na sreafaí airgid a sholáthar don Choimisiún agus don Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta go rialta.

Measann an Coimisiún gur cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mar go ndéanann an t-eintiteas seirbhís phoiblí a sholáthar a chistítear 79% ó airgead arna soláthar ag an Stáitchiste, tríd an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

20. NA RÁITIS AIRGEADAIS A CHEADÚ

Cheadaigh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint do Thomhaltóirí na ráitis airgeadais ag an gcruinniú den Choimisiún a bhí ann an 27 Feabhra 2020.